Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**16325/22**

**ECOFIN 1373**
**FIN 1382**
**COEST 938**
**RELEX 1768**
**NIS 41**
**UEM 359**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 9702 final |
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN an 19.12.2022 lena mbunaítear an creat le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais an Aontais in 2023 faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 9702 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 9702 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.12.2022
C(2022) 9702 final

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 19.12.2022**

**lena mbunaítear an creat le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais an Aontais in 2023 faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe**

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 19.12.2022**

**lena mbunaítear an creat le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais an Aontais in 2023 faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[1], agus go háirithe Airteagal 220a de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom[2], agus go háirithe Airteagal 5(1), pointe (a) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +)[3], agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 9700 ón gCoimisiún[4] go nglacfar creatchinneadh iasachtaíochta lena leagtar síos na huasteorainneacha le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta agus oibríochtaí bainistithe fiachais, arna cur chun feidhme tríd an straitéis chistiúcháin éagsúlaithe a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 220a de Rialachán 2018/1046, a chumhdóidh tréimhse bliana féilire amháin. Ar an mbonn sin, is gá cinneadh maidir leis an gcreat iasachtaíochta a ghlacadh le haghaidh 2023.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 9700 bunaítear straitéis chistiúcháin éagsúlaithe mar an modh chun cláir cúnaimh airgeadais agus na hiasachtaí a údaraítear faoi Airteagal 5(1) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 a chistiú. Foráiltear leis go n-áireofar le hionstraimí iasachtaíochta faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe teaglaim de bhannaí fadtéarmacha agus de chistiú gearrthéarmach i bhfoirm Billí-AE nó línte creidmheasa. Eagrófar oibríochtaí iasachtaíochta feasta mar cheantanna, idirbhearta

[1] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[2] IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.
[3] IO L 322, 16.12.2022, lch. 1.
[4] Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 9700 ón gCoimisiún lena mbunaítear na socruithe maidir le riar agus cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais an Aontais faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe agus oibríochtaí gaolmhara iasachtaithe.

sindeacáite nó láithriú príobháideach, ag brath ar an bhformáid is iomchuí i bhfianaise mhéid agus chineál na hoibríochta.

(3) Is gá na huasteorainneacha a leagan síos i gcomhair oibríochtaí iasachtaíochta agus oibríochtaí bainistithe fiachais ionas go mbeidh an Coimisiún in ann oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais a chur chun feidhme. Is gá teorainneacha a shocrú le haghaidh na n-oibríochtaí iasachtaíochta chun teorainneacha soiléire a bhunú le haghaidh mhéid an chistiúcháin fhadtéarmaigh agus ghearrthéarmaigh. Go háirithe, is gá a áirithiú go mbeidh méid na n-oibríochtaí atá le déanamh ailínithe leis na heisíocaíochtaí atá beartaithe faoi na cláir ábhartha. Tá sé sin tábhachtach chun cásanna a sheachaint ina mbeadh ganntanas cistí chun eisíocaíochtaí a thabhairt in am trátha nó chun cásanna a sheachaint ina mbeadh barrachas mórmhéideanna cistiúcháin carntha i bhfad sula ndéantar na heisíocaíochtaí.

(4) Is gá, dá bhrí sin, an raon le haghaidh uasmhéideanna cistiúcháin fhadtéarmaigh agus ghearrthéarmaigh, meánaibíocht chistiú fadtéarmach an Aontais mar aon le teorainn don mhéid in aghaidh na heisiúna a shocrú.

(5) Ba cheart na riachtanais chistiúcháin a chomhlíonadh, le himeacht ama, trí ionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha a eisiúint. Ba cheart uasmhéid an chistiúcháin fhadtéarmaigh le haghaidh 2023 a bheith bunaithe ar na méideanna a chuireann oifigigh údarúcháin an chláir in iúl d'Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid i gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 9700. Leis na huasmhéideanna a leagtar síos sa Chinneadh seo léirítear an fhaisnéis is déanaí a bhí ar fáil tráth a ghlactha.

(6) Tá na riachtanais chistiúcháin á spreagadh ag an sceideal eisíocaíochtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. Ina theannta sin, údaraítear don Aontas le Rialachán (AE) 2022/2463 suas le EUR 18 mbilliún a eisíoc i bhfoirm iasachtaí ard-lamháltais don Úcráin le linn 2023. Tiomsóidh an tAontas an méid sin trí eisiúint fiachais, rud atá san áireamh sna riachtanais chistiúcháin do 2023.

(7) In 2023, bunófar fáltais a bheidh le heisíoc leis na Ballstáit faoi RRF ar bhonn measúnuithe ar chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna a leagtar síos sna pleananna náisiúnta. Dá bhrí sin, ní bheidh méideanna beachta ná uainiú beacht eisíocaíochtaí RRF a dhéanfar ó NGEU leis na Ballstáit go hiomlán intuartha. Mar thoradh air sin, beidh éiginnteacht éigin ann maidir le dáileadh na n-eisíocaíochtaí in 2023 agus d'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar leibhéal foriomlán bliantúil na n-eisíocaíochtaí atá tuartha.

(8) An 18 Bealtaine 2022, mhol an Coimisiún Rialachán RRF a leasú chun caibidlí REPowerEU a chur san áireamh arb é is aidhm dóibh deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas na hEorpa ar bhreoslaí iontaise na Rúise. Dá bhrí sin, féadfar na méideanna atá le dáileadh mar iasachtaí RRF le linn 2023 a mhéadú chun go bhféadfar iasachtaí a eisíoc leis na Ballstáit le haghaidh infheistíochtaí éagsúlaithe fuinnimh faoi thionscnamh REPowerEU, lena n-áirítear réamh-mhaoiniú féideartha íocaíochtaí. Tá an clár seo ag céimeanna deiridh an ghlactha ag an údarás reachtach tráth a nglacfar an Cinneadh seo. I gcomhthéacs thionscnamh REPowerEU, agus faoi réir an leagain deiridh de Rialachán RRF arna leasú, d'fhéadfadh deontais agus iasachtaí RRF a bheith faoi réir réamh-mhaoinithe freisin, rud a chruthódh riachtanais chistiúcháin sa bhreis orthu sin dá bhforáiltear sa chinneadh seo. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé gur ghá

[5] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

na huasmhéideanna a leagtar amach sa Chinneadh seo a leasú bunaithe ar Rialachán RRF arna leasú i ndiaidh thionscnamh REPowerEU, agus ar na riachtanais chistiúcháin bhreise a d'fhéadfadh teacht as.

(9) Ar an mbonn sin, is iomchuí méid an chistithe fhadtéarmaigh a shocrú ag suas le EUR 170 billiún, méid a thagann leis na réamhaisnéisí reatha maidir leis na méideanna atá le heisíoc leis na Ballstáit chun RRF a chur chun feidhme agus chun maoiniú clársceidealaithe NGEU le haghaidh bheartais an Aontais dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle[6] agus an tacaíocht a comhaontaíodh le déanaí don Úcráin faoi Rialachán (AE) 2022/2463 a chur chun feidhme. Ós rud é go bhfuil an eisíocaíocht leis an Úcráin coinníollach, *inter alia*, ar theacht i bhfeidhm comhaontaithe saoráide iasachta, is iomchuí an méid comhfhreagrach a chur ar fionraí go sealadach.

(10) Anuas ar eisiúint bannaí fadtéarmacha, déantar foráil freisin le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 9700 maidir le cistiú gearrthéarmach a eisiúint le go mbeadh solúbthacht ann agus cumas cistiúcháin an Aontais á bhainistiú.

(11) Ba cheart cistiú gearrthéarmach a shocrú ar bhealach a ligfeadh dó ról luachmhar a bheith aige maidir le bainistiú stuama leachtachta a chur chun feidhme, rud a chuireann ar chumas an Choimisiúin gach gealltanas eisíocaíochta a chomhlíonadh ar bhealach tráthúil agus cost-éifeachtúil. Le heisiúint páipéir ghearrthéarmaigh, agus leis an gcumas a bheith rannpháirteach in ionstraimí margaidh airgid urraithe agus neamhurraithe, ba cheart, i gcás inarb iomchuí, ionadán sealadach tarraingteach a chur ar fáil d'oibríochtaí cistiúcháin fadtéarmacha nuair nach mbíonn dálaí an mhargaidh chomh oiriúnach sin le haghaidh bannaí a eisiúint. Ba cheart uasmhéid gan íoc an chistiúcháin ghearrthéarmaigh a bheith bunaithe ar mhéid an mhaoláin leachtachta ionchasaigh a bhfuil gá leis chun cumas réidh leanúnach na híocaíochtaí uile a íoc a éascú. Bunaithe ar mheasúnú coimeádach ar riachtanais leachtachta, a bhfuil riosca ann iad a bheith níos airde sna céimeanna tosaigh de chistiúchán, ba cheart uasteorainn EUR 60 billiún de chistiú gearrthéarmach a shocrú, lena n-áirítear cás ina mbeadh dálaí díobhálacha sa mhargadh.

(12) Ceanglaítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 9700 ar an gCoimisiún an t-uasmhéid gan íoc in aghaidh na heisiúna a bhunú, rud a léireodh an riosca comhchruinnithe tráth na haibíochta. Tá gá leis an teorainn sin ionas nach dtiocfaidh an iomarca fiachais in aibíocht ag pointe ama ar leith amach anseo, rud a chuirfeadh brú ar chumas bhuiséad an Aontais fiacha a aisíoc. Dá bhrí sin, is paraiméadar tábhachtach é sin agus clársceidealú á dhéanamh ionas go ndéanfar fiachas an Aontais a aisíoc go rianúil agus go seasta le himeacht ama. Ag an am céanna, chun fáilte mhór roimh oibríochtaí cistiúcháin fadtéarmacha an Choimisiúin a éascú, ba cheart an aibíocht uasta in aghaidh na heisiúna a bheith ard go leor chun leachtacht urrúis fiachais an Aontais a chothú, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí eisiúint a dhéanamh gan na costais chéanna trí spéis líon níos mó infheisteoirí a mhealladh.

(13) Is iomchuí, dá bhrí sin, uasmhéid EUR 20 billiún in aghaidh na heisiúna a choinneáil, uasmhéid atá bunaithe ar chás sách coimeádach le haghaidh EUR 170 billiún san iomlán a thiomsú.

---

6 Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23).

(14) Le meánaibíocht uasta an chistithe fhadtéarmaigh, ba cheart solúbthacht leordhóthanach a áirithiú i gcur chun feidhme na gclár a chumhdaítear leis an straitéis chistiúcháin éagsúlaithe chun éileamh infheisteoirí a mhealladh agus, an tráth céanna, chun na teorainneacha atá nasctha leis na hacmhainneachtaí buiséadacha chun tacú le dliteanais theagmhasacha a urramú. Agus dálaí reatha an mhargaidh, an t-ús ó infheisteoirí ar fud speictream na n-aibíochtaí agus na hacmhainneachtaí buiséadacha á gcur san áireamh, ba cheart meánaibíocht uasta an chistithe fhadtéarmaigh tráth eisiúna a shocrú ag 17 mbliana. Leis an uastréimhse 17 mbliana, léirítear cás sách coimeádach nach ndéanfaí roinnt bannaí tagarmhairc ón Aontas a sheoladh agus a úsáid ar na haibíochtaí fadtéarmacha, chun an t-uasmhéid EUR 170 billiún a eisiúint, agus EUR 20 billiún mar uasmhéid gan íoc.

TAR ÉIS A CINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

1. Ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023, cuirfidh an Coimisiún oibríochtaí iasachtaíochta chun feidhme laistigh de na teorainneacha seo a leanas:

   (a) cistiú fadtéarmach, suas le huasmhéid EUR 170 billiún, as a gcuirfear méid EUR 18 mbilliún ar fionraí go sealadach;

   Ar theacht i bhfeidhm comhaontaithe saoráide iasachta arna thabhairt i gcrích leis an Úcráin faoi Rialachán (AE) 2022/2463, bainfear an fionraí i gcás méideanna a chomhfhreagraíonn do mhaoiniú an chomhaontaithe iasachta sin; agus;

   (b) cistiú gearrthéarmach, suas le huasmhéid gan íoc EUR 60 billiún.

2. Tá an t-uasmhéid in aghaidh eisiúint an chistithe fhadtéarmaigh socraithe ag EUR 20 billiún.

3. Tá meánaibíocht uasta an chistithe fhadtéarmaigh socraithe ag 17 mbliana.

4. Uasmhéid na n-eisiúintí dílse gan íoc is féidir a shealbhú ar a gcuntas féin agus is féidir a úsáid le haghaidh idirbhearta margaidh airgid urraithe agus/nó chun tacú leis an margadh tánaisteach i mbannaí AE, nialas a bheidh ann in 2023.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ó dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 9700 ón gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19.12.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Johannes HAHN*
*Comhalta den Choimisiún*